Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14332/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0362 (COD)**

**VOTE 75**
**INF 231**
**PUBLIC 92**
**CODEC 1418**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear nascacht bhunúsach in iompar lasta de bhóthar agus in iompar paisinéirí de bhóthar tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh, agus<br>– Maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 a ghabhann le CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 22 Nollaig 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméid tagartha:

PE-CONS 65/20

an dáta a ghlac Coreper an cinneadh chun an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid

16.12.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

# IARSCRÍBHINN I

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | 2020/0362 (COD) (Document: 65/20) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL on common rules ensuring basic road freight and road passenger connectivity following the end of the transition period provided for in the Agreement on the withdrawal of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland from the European Union and the European Atomic Energy Community |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 100% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **22/12/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | Yes |
| ΕΛΛΆΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,29 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas ón Ostair, ón Danmhairg, ón nGréig, ón Iodáil agus ón Spáinn**

Tacaíonn an Ostair, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn leis an gcuspóir nascacht bhunúsach a áirithiú maidir le hiompar de bhóthar i gcás nach dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas comhaontú comhpháirtíochta nua i gcrích roimh dheireadh na hidirthréimhse, an 31 Nollaig 2020. Is díol sásaimh dúinn na bearta sealadacha atá molta go mbeidh na tarlóirí bóthair agus oibreoirí cóiste agus bus sin, a bhfuil ceadúnas de chuid na Ríochta Aontaithe acu, in ann earraí agus paisinéirí a iompar de bhóthar idir críoch na Ríochta Aontaithe agus Ballstáit den Aontas Eorpach. Mar an gcéanna le 2019, tá na bearta sin riachtanach chun suaitheadh tromchúiseach a sheachaint i gcomhthéacs na n-oibríochtaí sin láithreach bonn tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

Mar sin féin, níl an staid amhail ón 1 Eanáir 2021 inchomparáide leis an staid a bhí ann go luath in earrach na bliana 2019. Bhí neart deiseanna ag na páirtithe uile a raibh baint acu le próiseas tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ullmhú do na hathruithe dosheachanta a d'eascair as cinneadh na Ríochta Aontaithe tarraingt siar as an Aontas. Dá bhrí sin, tá imní ar an Ostair, ar an Danmhairg, ar an Iodáil agus ar an Spáinn gur leathnaíodh raon feidhme an chéad togra chun líon áirithe oibríochtaí cabatáiste in iompar lasta de bhóthar a áireamh. Táimid den tuairim nach bhfuil an leathnú sin ar an raon feidhme ag teacht leis na treoirlínte maidir le bearta teagmhasacha a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i ndáil le hiompar ginearálta AE 27 ós rud é nach bhfuil géarghá leis na hoibríochtaí sin chun nascacht bhunúsach a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus AE 27.

Agus aird á tabhairt acu, áfach, ar na húdair imní eacnamaíocha uileghabhálacha, tuigeann an Ostair, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn, i dtaobh na gcearta a tugadh do tharlóirí na Ríochta Aontaithe faoi choinníoll na cómhalartachta, gur slí atá ann chun freagairt don chás uathúil sin ina dtarraingeodh Ballstát siar as an Aontas Eorpach. Cuireann an Ostair, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn i dtreis go láidir gur dlúthchuid den Rialachán seo é coinníoll céimnithe amach na gceart a dheonaítear sa Rialachán seo. Is beart é a dhéantar chun íoslaghdú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha dheireadh na hidirthréimhse. Mar sin féin, ba mhaith linn a chur in iúl go bhfuil an ceart oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh laistigh den AE ina cheart eisiach ag na Ballstáit agus nach cosúil go bhfuil gá leis sa chás seo.

Creideann an Ostair, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn gurb é is cúis leis na cearta a tugadh do tharlóirí na Ríochta Aontaithe ar feadh tréimhse teoranta faoi choinníoll na cómhalartachta ná cás uathúil sin ina dtarraingeodh Ballstát siar as an Aontas Eorpach. Ní chuirfidh an Rialachán seo bac ar thuilleadh caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe ná le tríú tíortha eile agus ní mheasfar é a bheith ina fhasach.